ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**ARD - OIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN BHUANA (PAINÉAL) DE DHÍTH**

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is tábhachtaí a bhaineann leis an Údarás.

Is í an aidhm atá againn ná 'Cinntiú a dhéanamh go soláthrófar na caighdeáin is airde agus is féidir de sheirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála ar feadh an tsaoil, ar mhaithe le leas leanaí mar an cuspóir is tábhachtaí atá againn riamh"

Tá fás suntasach tagtha ar an AAI go dtí seo agus é ag glacadh le feidhmeanna nua agus forleathnaithe mar thoradh ar an Reachtaíocht Faisnéise agus Rianaithe Breithe nua.

Tá roinnt deiseanna spreagúla againn faoi láthair ag gach leibhéal agus muid ag fás agus ag athrú ár n-eagraíochta.

Tá an AAI ag iarraidh Ard-Oifigigh Fheidhmiúcháin (HEO), a bheith lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá féidearthacht an obair chumaisc a dhéanamh leis na poist seo ag brath ar na dualgais go léir a bheidh i gceist.

Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal chun folúntais bhuana reatha agus sa todhchaí a líonadh ar feadh tréimhse suas le 18 mí.

Is baill ríthábhachtacha den fhoireann lárbhainistíocha laistigh den eagraíocht iad na hArd-Oifigigh Feidhmiúcháin san AAI agus tugann siad tacaíocht don fhoireann bhainistíochta shinsearsach chun cuspóirí maidir le Pleananna Corparáideacha agus Gnó a chur i gcrích. Is féidir le hArd-Oifigeach Feidhmiúcháin a bheith páirteach i bhforbairt beartais; bainistíocht tioscadail; bainistíocht ar aonad oibre éifeachtach; sainaithint a chinntiú maidir le roil agus freagrachtaí agus foireann a spreagadh.

Tabhair faoi deara le do thoil, ar chúiseanna oibríochtúla agus mar fhreagra ar riachtanais ghnó, gur féidir le Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin a bheith athlonnaithe idir aonaid oibríochtúla le linn dóibh a bheith fostaithe leis an Údarás Uchtála.

Tá scála tuarastail an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €50,848 agus €64,038 in aghaidh na bliana (lena n-áirítear dhá incrimint fadtéarmach) le haghaidh 37 uair an chloig sa tseachtain.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh an pá tosaigh ag íosphointe an scála de réir Ciorclán an Rialtais E100/8/82. D'fhéadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist maidir le hiarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís/Seirbhísí Poiblí.

Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana ar bhonn seachtaine cúig lá agus gan laethanta saoire poiblí a áireamh.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochar den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsean ranníocach agus an deis le haghaidh tuilleadh oiliúna agus forbartha a dhéanamh.

**An dáta deiridh le haghaidh iarratas: Meán lae Dé Luain an 04 Iúil 2022**

Tabhair faoi deara le do thoil, cé go bhféadfadh iarratasóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, meastar go mbeidh líon na ndaoine a chuireann isteach ar an bpost seo chomh mór sin nach mbeidh sé ar ár gcumas agallamh a chur ar gach duine.